# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Talmhaíochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**AGUS**

**FREAGRAÍ A bhFUILTEAR AG SÚIL LEO**

**Scéim Mharcála agus Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála**

Agus an scéim mharcála á meas ba chóir na pointí a leanas a thabhairt ar aird:

- Níl na Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach ná críochnaitheach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.

- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo.

- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015
## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - Gnáthleibhéal

# *Scéim Mharcála*

**CUID 1 (120 marc)**

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ NA CEISTEANNA AR FAD AR AON MHARC (8 marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **11.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) |
| **2.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **12.** | 8 marc (4 m + 4 m) |
| **3.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **13.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **4.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **14.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **5.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **15.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **6.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) | **16.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) |
| **7.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **17.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **8.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **18.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **9.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **19.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **10.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) | **20.** | 2 @ 4 mharc an ceann |

## CUID 2 (200 marc)

6 CHEIST – 4 CHEIST LE FREAGAIRT

TÁ NA CEISTEANNA AR FAD AR AON MHARC (50 marc).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | (i) | Léaráid: | | |
| | | | Lipéadú | 3 @ 2 mharc an ceann | |
| | | | Cuair | 2 @ 7 marc an ceann | |
| | | (ii) | Praghas cothromaíochta | 3 mharc | |
| | | | Cainníocht chothromaíochta | 3 mharc | 26 |
| | **(b)** | (i) | Tionchar ar chuar an éilimh | 2 mharc | |
| | | | Tionchar ar chuar an tsoláthair | 2 mharc | |
| | | (ii) | Cuar an éilimh ag bogadh ar dheis | 2 mharc | |
| | | | Cuar an tsoláthair ag bogadh ar dheis | 2 mharc | |
| | | (iii) | Tionchar ar phraghas an mhargaidh | 2 @ 2 mharc | |
| | | | Tionchar ar chainníocht an mhargaidh | 2 @ 2 mharc | 16 |
| | **(c)** | | Míniú | 4 mharc (3 + 1) | |
| | | | Sampla | 4 mharc | 8 |

**[50 marc]**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.** | **(a)** | | **Dhá** shlí a gcuirtear le pobail áitiúla | 16 mharc (2 @ 8 marc (5+3) | 16 |
| | **(b)** | (i) | Cur síos ar an gcóras cuótaí | 12 mharc (3 @ 4 mharc) | 12 |
| | | (ii) | **Trí** shlí éagsúla | 22 marc (8 + 7 + 7) | 22 |

**[50 marc]**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | **Dhá** shlí a gcuirtear leis an ngeilleagar | 16 mharc (2 @ 8 marc) | 16 |
| | **(b)** | Plé ar easpórtálacha agraibhia | 16 mharc (2 @ 8 marc (5+3) | 16 |
| | **(c)** | Comhdhearcadh dearfach | 2 mharc | |
| | | **Dhá** chúis le hionchais | 16 mharc (2 @ 8 marc (5+3) | 18 |

**[50 marc]**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.** | **(a)** | (i) | Míniú ar fhigiúr an ghlanfhiúchais | 10 marc (5 + 5) | |
| | | (ii) | Sampla de shócmhainn reatha | 5 mharc | |
| | | | Sampla de dhliteanas fadtéarmach | 5 mharc | |
| | | (iii) | Staid airgeadais go maith | 5 mharc | |
| | | | Míniú | 10 marc (5 + 5) | 35 |
| | **(b)** | (i) | Cineál **amháin** árachais | 5 mharc | |
| | | (ii) | Cuspóir an árachais | 10 marc (5 + 5) | 15 |
| | | | | | **[50 marc]** |
| **5.** | **(a)** | (i) | Ríomh ar aschur na feirme | 10 marc | |
| | | (ii) | Ríomh ar ollchorrlach na feirme | 6 mharc | |
| | | (iii) | Ríomh ar ioncam fheirm an teaghlaigh | 10 marc | 26 |
| | **(b)** | | Costas athraitheach 1 | 6 mharc | |
| | | | Costas athraitheach 2 | 6 mharc | 12 |
| | **(c)** | | Míniú ar dhímheas | 6 mharc | |
| | | | Tagairt don fhigiúr dímheasa sa tábla | 6 mharc | 12 |
| | | | | | **[50 marc]** |
| **6.** | **(a)** | (i) | Míniú ar luaineacht | 6 mharc | |
| | | | Tagairt do luaineacht sa ghraf | 10 marc (5 + 5) | |
| | | (ii) | Íocaíocht dhíreach 1 | 5 mharc | |
| | | | Íocaíocht dhíreach 2 | 5 mharc | |
| | | (iii) | Míniú ar íocaíochtaí díreacha ón ngraf | 12 mharc (6 + 6) | 38 |
| | **(b)** | | Cúis **amháin** le hidirghabháil i margaí talmhaíochta | 12 mharc (6 + 6) | 12 |
| | | | | | **[50 marc]** |

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2015**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - Gnáthleibhéal

## Cuid 1 (Freagair 15 cheist as 20. Ocht marc in aghaidh na ceiste)

| | Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | **Luaigh dhá phríomhchinneadh eacnamaíochta faoi earraí agus sheirbhísí a dhéantar taobh istigh de chóras an mhargaidh.**<br><br>• Cad is cóir a tháirgeadh<br>• Conas é a tháirgeadh<br>• Cé mhéad is cóir a tháirgeadh<br>• Cé dó ar cóir é a tháirgeadh | 2 x 4m |
| **2.** | **Luaigh sampla amháin as an talmhaíocht de gach ceann díobh seo a leanas:**<br><br>(i) **Toisc tháirgeachta:** Talamh, Saothar, Caipiteal, Fiontraíocht<br><br>(ii) **Ionchur idirmheánach:** Cothú, leasachán, breosla a cheannaítear. | <br><br>4<br><br>4 |
| **3.** | **Is é ioncamleaisteachas an éilimh (YED) ar Earra X ná - 0.75. Ciallaíonn sé seo:**<br><br>(i) Go dtiocfadh méadú / **laghdú** 7.5 % ar an gcainníocht a d'éileofaí dá dtiocfadh méadú 10% ar an ioncam.<br><br>(ii) Gur Earra normálta / **Íagmheasa** é X. | <br><br>4<br><br>4 |
| **4.** | (i) **Is é an cion den Olltáirge Intíre (OTI) a sholáthraíonn an talmhaíocht i ngeilleagair ardfhorbartha ná:**<br>☑ níos lú ná 5% ☐ 10% - 15% ☐ 20% -25%<br><br>(ii) **Is sampla í an talmhaíocht de chineál áirithe tionscail. Cén cineál?:**<br>☐ Treasach ☐ Tánaisteach ☑ Príomhúil | <br>4<br><br>4 |
| **5.** | **Luaigh dhá aidhm de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) mar atá leagtha amach i gConradh na Róimhe, 1957.**<br><br>• Méadú ar tháirgiúlacht talmhaíochta<br>• Caighdeán maireachtála cóir don phobal talmhaíochta<br>• Margaí a chobhsú<br>• Soláthairtí rialta a ráthú<br>• Praghsanna réasúnta do thomhaltóirí | 2 x 4m |

<table>
<tr><td>6.</td><td>Bain úsáid as focail atá sa liosta seo a leanas chun an abairt thíos a chomhlánú:<br><br>“Feirmeoir atá ag iarraidh an brabús a UASMHÉADÚ, déanfaidh sé an t-aschur A MHÉADÚ má tá IONCAM imeallach an aonaid deiridh a tháirgtear níos mó ná a chostas imeallach.”</td><td>3 + 3 + 2</td></tr>
<tr><td>7.</td><td>(i) Tomhaistear an boilsciú de réir méadú air seo:<br><br>☐ CBL ☑ PIT[CPI] ☐ OTN [GNP]<br><br>(ii) Má mhéadaíonn praghas iarbhír (ainmniúil) an mhargaidh ar phrátaí de 10% le linn boilsciú 4% a bheith ann, ansin tá fíorphraghas an mhargaidh ar phrátaí tar éis:<br><br>☑ Ardú ☐ Titim ☐ Fanacht gan athrú</td><td>4<br><br><br>4</td></tr>
<tr><td>8.</td><td>I dtionscal lániomaíoch ar nós na talmhaíochta, (i) bíonn smacht iomlán / bíonn roinnt smachta / ní bhíonn smacht ar bith ag an bhfeirmeoir aonair ar an bpraghas margaidh a fhaigheann sí ar a cuid táirgí. Dá bhrí sin, tá cuar an éilimh ar a cuid táirgí (ii) ingearach / cothrománach / claonta anuas.</td><td>4<br><br>4</td></tr>
<tr><td>9.</td><td>Luaigh dhá eagraíocht náisiúnta a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasa fheirmeoirí na hÉireann agus a dteaghlach.<br><br>• Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)<br>• Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA)<br>• Macra na Feirme<br>• Cumann Feirmeoirí Eallaigh agus Caorach na hÉireann (ICSA)</td><td>2 x 4m</td></tr>
<tr><td>10.</td><td>Luaigh cé acu díreach nó indíreach atá gach ceann de na cánacha seo a leanas.<br><br>(i) Cáin Ioncaim: Díreach / Indíreach<br><br>(ii) Cáin Bhreisluacha: Díreach / Indíreach<br><br>(iii) Cáin ghnóthachan caipitiúil Díreach / Indíreach</td><td>3<br><br>3<br><br>2</td></tr>
<tr><td>11.</td><td>Taispeánann an phíchairt thíos cion na talún gránbhairr a bhí faoi chruithneacht, faoi eorna agus faoi choirce in Éirinn i Meitheamh 2014. Luaigh cén barr a dtagraíonn X, Y agus Z dó. (Ní ceadmhach ainm bairr a chur isteach ach aon uair amháin.)<br><br><table><tr><th>Cion</th><th>Barr</th></tr><tr><td>X (71%)</td><td>Eorna</td></tr><tr><td>Y (23%)</td><td>Cruithneacht</td></tr><tr><td>Z (6%)</td><td>Coirce</td></tr></table></td><td>3<br><br>3<br><br>2</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **12.** | **"Is sampla de dhliteanas reatha é rótharraingt bhainc."**<br>**Mínigh an ráiteas sin.**<br><br>Is iad is dliteanais reatha ann fiachais na feirme atá le glanadh le hairgead tirim laistigh den bhliain chánach nó de thimthriall táirgeachta na feirme. Is dliteanas reatha í rótharraingt bhainc (cásanna ina n-aistarraingítear níos mó airgid ná mar atá i gcuntas reatha le cead ón mbanc) mar gur gá í a ghlanadh agus a athnuachan gach bliain. | 8m<br>(4 + 4) |
| **13.** | **Luaigh dhá sheirbhís a sholáthraíonn Teagasc d'fheirmeoirí na hÉireann.**<br><br>▪ Táirgeacht talmhaíochta agus taighde comhshaoil<br>▪ Taighde bia<br>▪ Seirbhís chomhairleach d'fheirmeoirí<br>▪ Cúrsaí lánaimseartha ag coláistí talmhaíochta<br>▪ Oiliúint leanúnach d'fheirmeoirí<br>▪ Tacaíocht i gcomhair gníomhaíochtaí forbartha tuaithe | 2 x 4m |
| **14.** | Ainmnigh na comhpháirteanna A agus B agus comhlánaigh slabhra soláthair an bhia i gcás an ime:<br><br>Ionchuir Cheannaith + Acmhainní na bhFeirmeoirí Féin → **A** + **B** + Dáileadh → An Tomhaltóir Deiridh<br><br>**A** = Aschur (talmhaíochta)   **B** = Próiseáil | 4 + 4 |
| **15.** | **Dá dtitfeadh luach an euro (€) in éadan phunt steirling na RA (£), cén toradh a mbeifí ag súil leis i gcás gach ceann díobh seo a leanas?**<br><br>(i) **Praghas** cháis na hÉireann sna hollmhargaí sa Ríocht Aontaithe:<br>Ardú   **Laghdú**   Gan athrú<br><br>(ii) An t**Éileamh** ar cháis Shasana sna hollmhargaí in Éirinn:<br>Ardú   **Laghdú**   Gan athrú | 4<br><br>4 |
| **16.** | **Sainaithin cé acu pointe, A, B nó C, sa léaráid tugtha, atá éifeachtúil go teicniúil, neamhéifeachtúil go teicniúil agus doshroichte go teicniúil faoi láthair.**<br><br>Tá Pointe **B** éifeachtúil go teicniúil<br>Tá Pointe **C** neamhéifeachtúil go teicniúil<br>Tá Pointe **A** doshroichte go teicniúil | 3<br>3<br>2 |

| | | |
|---|---|---|
| **17.** | (i) In 2014, bhí meánráta an fháis gheilleagraigh in Éirinn thart ar:<br><br>1% **5%** 10%<br><br>(ii) In 2014, bhí meánráta na dífhostaíochta in Éirinn thart ar.:<br><br>**11%** 18% 20% | 4<br><br>4 |
| **18.** | **Glac leis gur neamhleaisteach foirfe atá soláthar na talún talmhaíochta. Cuir in iúl cén tionchar orthu seo a bheadh ag ardú san éileamh ar thalamh:**<br><br>(i) Praghas na talún: **Ardú** Laghdú Gan athrú<br><br>(ii) Cainníocht mhargaidh na talún: Ardú Laghdú **Gan athrú** | 4<br><br>4 |
| **19.** | **(i) Líon na mballstát san AE ar 1 Eanáir 2015**:<br><br>24 **28** 32<br><br>**(ii) An líon de bhallstáit an AE i limistéar an euro ar 1 Eanáir 2015**:<br><br>**19** 22 24 | 4<br><br>4 |
| **20.** | **Luaigh dhá phrionsabal de chuid ghluaiseacht na gcomharchumann talmhaíochta.**<br><br>• Ballraíocht dheonach<br>• Ballraíocht neamh-idirdhealaitheach<br>• Daonlathach / Vóta amháin an duine<br>• Díbhinní teoranta<br>• Oideachas na mball, na n-oifigeach, na bhfostaithe<br>• Comhoibriú idir comharchumainn aonair | 2 x 4m |

## CUID 2 (200 marc)


| Ceist 1 | Marcanna |
|---|---|

**Taispeánann an tábla thíos sceidil bhliantúla an tsoláthair agus an éilimh ar Earra X:**

| **Praghas** (€ an tona) | 25 | 30 | 35 | 40 | 45 | 50 | 55 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Soláthar** (na milliúin tona) | 0 | 4 | 8 | 12 | 16 | 20 | 24 |
| **Éileamh** (na milliúin tona) | 24 | 22 | 20 | 18 | 16 | 14 | 12 |

**(a) (i) Tarraing cuar éilimh agus cuar soláthair an mhargaidh óna sonraí sa tábla thuas. Lipéadaigh an dá ais agus an dá chuar.**

**(ii) Luaigh praghas cothromaíochta agus cainníocht chothromaíochta Earra X.**




<u>26m</u>

Cuartha 2 x 7m
Lipéid 3 x 2m

**(ii)** Praghas cothromaíochta: €45 in aghaidh an tona — 3

Cainníocht chothromaíochta: 16 mhilliún tona — 3

**(b) D'fhéadfadh cuar an éilimh ar Earra X nó cuar soláthair an Earra X bogadh ar dheis nó ar chlé ar na cúiseanna a leanas:**

- **Méadú ar ioncam na dtomhaltóirí**
- **Laghdú ar chostas an ionchuir**

**I gcás gach ócáide díobh sin thuas, freagair na trí cheist a leanas:**

**(i) Luaigh cé acu cuar an éilimh nó cuar an tsoláthair a bhogadh**
**(ii) Luaigh cé acu ar dheis nó ar chlé a bhogfaidh an cuar a luann tú**
**(iii) Luaigh an tionchar ar phraghas an mhargaidh agus ar chainníocht an mhargaidh.**

| | **Méadú ar ioncam na dtomhaltóirí** | **Laghdú ar chostas an ionchuir** |
|---|---|---|
| **(i)** | Bogfaidh Cuar an Éilimh | Bogfaidh Cuar an tSoláthair |
| **(ii)** | Ar Dheis | Ar Dheis |
| **(iii)** | Praghas Margaidh Níos Airde | Praghas Margaidh Níos Ísle |
| | Cainníocht Mhargaidh Níos Airde | Cainníocht Mhargaidh Níos Airde |

16m
2 x 2m
2 x 2m
2 x 2m
2 x 2m

**(c) Mínigh an coincheap earraí ionaid sa tomhaltas agus tabhair sampla amháin as earnáil an agraibhia.**

**Earraí ionaid sa tomhaltas:** Earra amháin de dhá earra (nó níos mó) lena sásaítear an t-aon bhundíth amháin nó an t-aon bhunriachtanas amháin nuair a thomhlaítear é/iad. Má thagann méadú ar an bpraghas ar earra ionaid amháin, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar an gceann eile freisin. Gabhann trasleaisteachas éilimh dearfach le hearra ionaid sa tomhaltas.

Má thomhlaíonn ceannaitheoir earra ionaid amháin, ní bheidh aon riachtanas aige le ceann eile a thomhailt.

4m
(3 + 1)

**Sampla**:

Is féidir an riachtanas le bia a shásamh ach mairteoil nó uaineoil a thomhailt.

4

Má thagann athrú ar an bpraghas ar earra ionaid sa tomhaltas, beidh athrú ann ar an éileamh agus beidh bogadh ann i gcuar an éilimh.

- Má thagann méadú ar an bpraghas ar mhairteoil, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar uaineoil freisin.
- Má thagann laghdú ar an bpraghas ar mhairteoil, tiocfaidh laghdú ar an éileamh ar uaineoil freisin.

**50 m**

<table>
<tr><th>Ceist 2</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>

**(a)** *De réir Dhaonáireamh na hÉireann in 2011, is i gceantair tuaithe atá cónaí ar 1.7 milliúin duine nó 38% den daonra náisiúnta*.

**Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a gcuireann an fheirm theaghlaigh le pobail áitiúla i gceantair tuaithe**.

- Caomhnaíonn feirmeacha teaghlaigh an líon daonra agus an éagsúlacht aoise (Coinníonn sí an pobal beo agus tairgeann sí an t-ionchas go bhfanfaidh daoine fásta na todhchaí sa phobal).
- Éileamh ar sheirbhísí tráchtála áitiúla agus ar fhostaíocht tráchtála áitiúil (tríd an éileamh a bhíonn acu ar sholáthairtí feirme, ar earraí grósaera, ar pheitreal).
- Éileamh ar sheirbhísí poiblí a chabhraíonn le pobal inmharthana a choinneáil ar bun (tríd an riachtanas a bhíonn acu leis an oideachas, le soláthar uisce, le bóithre).
- Cuireann siad le saol sóisialta, cultúrtha agus reiligiúnach na bpobal (trína rannpháirtíocht sa spórt, i saol na heaglaise, i gcumainn chaitheamh aimsire, i ngrúpaí ceoil).
- Bainistíonn siad an timpeallacht chun tairbhe an phobail (trí theaghaisí a choinneáil óna bheith ag dul chun anró, trí ghoirt a choinneáil óna bheith ag athrú ina scrobarnach agus ina bhfásach, trí ghné amhairc thaitneamhach a chaomhnú faoin tuath, tríd an mbithéagsúlacht agus trí thairbhí timpeallachta eile a chaomhnú trí ghnáthghníomhaíocht feirmeoireachta agus trí chláir de chineál SCTT (an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe).

</td><td>16m<br>[2 x 8m<br>(5 + 3)]</td></tr>
<tr><td>

**(b)** *In Aibreán 2015, cuireadh deireadh le córas cuótaí bainne an AE a cuireadh I bhfeidhm i 1984.*

**(i) Déan cur síos ar conas a d'oibrigh na bunghnéithe de chóras na gcuótaí bainne ag leibhéal na feirme.**

- Bhí an t-aschur bainne ar gach feirm srianta do chuóta leithdháilte
- Mar gheall ar an aschur méadaithe, bhí ar an bhfeirmeoir cuóta breise a cheannach nó a ghlacadh ar cíos
- Bhí an fhéidearthacht ann go mbeadh ar fheirmeoirí sárthobhach a íoc dá mbeadh an t-aschur bainne náisiúnta os cionn an chuóta bainne náisiúnta
- Ní raibh a lán feirmeoirí in ann tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála agus, dá bhrí sin, bhí siad ag oibriú de réir struchtúir chostais nach raibh barrmhaith
- Mar gheall go raibh ní ba mhó feirmeacha déiríochta ann ná mar a bheadh ann i margadh saor, bhí na costais bhailithe bhainne do phróiseálaithe ní b'airde ná mar a bheidís ar shlí eile.

</td><td>12m<br>(3 x 4m)</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **(ii) Mol trí shlí a bhféadfadh feirmeoireacht déiríochta na hÉireann a bheith éagsúil leis an tslí a mbíodh sí faoi chóras na gcuótaí.**<br><br>• Bheadh feirmeoirí in ann méid a dtréada ba bainne a mhéadú gan a bheith srianta le cuótaí<br><br>• Bheadh feirmeoirí ní ba neamhchosanta ar mhéaduithe agus ar laghduithe ar na praghsanna margaidh ar tháirgí bainne<br><br>• Ba chóir go mbeadh feirmeoirí in ann tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála, rud a chuirfeadh ar a gcumas táirgeacht a mhéadú agus meánchostais táirgeachta a laghdú ag an am céanna<br><br>• Deiseanna réalaíocha ag feirmeacha aonair leathnú mar go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar an éileamh domhanda ar tháirgí bainne san fhadtéarma<br><br>• Is dóigh go n-imeoidh feirmeacha déiríochta beaga nach bhfuil in ann leathnú ón ngnó mar nach mbeidh leibhéal táirgeachta “ráthaithe” acu a thuilleadh<br><br>• Is dóigh go n-éireoidh an fheirmeoireacht déiríochta níos eolaíche agus níos teicniúla agus beidh ar fheirmeoirí feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus beidh ar Theagasc cúrsaí oiliúna ábhartha a chur ar fáil dá bharr sin. | 22m<br>(8 + 7 + 7) |
| | **50m** |

## Ceist 3

**Marcanna**


"Is í an fheirmeoireacht [earnáil an Agraibhia san áireamh] an tionscal dúchasach is mó atá againn." *(An tAire Airgeadais, Cáinaisnéis 2015, 14 Deireadh Fómhair 2014)*

**(a) Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí, seachas easpórtáil earraí talmhaíochta, a gcuireann earnáil Agraibhia na hÉireann go dearfach leis an ngeilleagar náisiúnta.**

- Cabhraíonn fostaíocht dhíreach, go háirithe i gceantair tuaithe, le gluaiseacht an daonra go lárionaid uirbeacha a choinneáil a ísle is féidir agus/nó laghdaíonn sí an eisimirce
- Déanann gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí don earnáil agraibhia fostaíocht indíreach a chruthú
- Saothraíonn aschur ón earnáil agraibhia brabús agus deiseanna le haghaidh infheistíochta agus leathnú i ngníomhaíocht gheilleagrach
- Ioncam Rialtais ó ioncam, ó bhrabús, ó CBL agus ó chánacha eile
- Bonneagar

16m (2 x 8m)

**(b) Agus tú ag baint úsáide as an eolas sa líne-chairt thíos, tabhair breac-chuntas ar thábhacht earnáil an Agraibhia do na heaspórtálacha náisiúnta agus don gheilleagar náisiúnta idir 2008 agus 2013.**




Mhéadaigh luach na n-easpórtálacha Agraibhia faoi bheagnach €2 billiún faoin mbliain 2013, agus é ag méadú go níos mó ná €11.5 billiún. Mhéadaigh easpórtálacha gach bliain ach amháin sa bhliain 2009, ar dhrochbhliain don fheirmeoireacht í mar gheall go raibh laghdú suntasach i dtáirgeacht sa bhliain sin de dheasca drochaimsire agus praghsanna talmhaíochta ní b'ísle.

16m [(2 x 8m(5+3)]

Is ag méadú atá an méid a chuireann earnáil an Agraibhia le heaspórtálacha foriomlána. Sa bhliain 2008, bhí easpórtálacha agraibhia freagrach as 11% d'easpórtálacha iomlána. Faoin mbliain 2013, áfach, ba go thart ar 13.5% a

mhéadaigh an méid a chuir easpórtálacha agraibhia le heaspórtálacha iomlána. Thit an méid a chuir easpórtálacha agraibhia le heaspórtálacha iomlána sa bhliain 2009, ach tá sé ag méadú gach bliain ó shin i leith. Tá an earnáil ar cheann amháin den bheagán earnálacha ar éirigh leo easpórtálacha a mhéadú le linn tréimhse ina raibh marbhántacht gheilleagrach ann sa bhaile agus ina raibh fás geilleagrach íseal ann thar lear.

**(c) An dóigh leat go bhfuil ionchais easpórtálacha Agraibhia na hÉireann dearfach nó diúltach sna cúig bliana atá romhainn amach? Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis chun tacú le do fhreagra.**

Is é an comhdhearcadh gur dearfach atá na hionchais d'easpórtálacha agraibhia. — 2m

Cúiseanna le hionchais dhearfacha: — 2 x 8m (5+3)

- An treocht leanúnach maidir le trádáil idirnáisiúnta níos saoire ó thaobh táirgí agraibhia de e.g. an t-ionchas atá ann go mbeidh beart nua trádála talmhaíochta ann idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá
- Méadú leanúnach ar dhaonra an domhain agus ioncam méadaitheach ina lán tíortha beagfhorbartha
- An cháil mhéadaitheach ar Éirinn as táirgí talmhaíochta atá sábháilte, dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de agus neamhdhíobhálach don timpeallacht a tháirgeadh
- An t-éileamh méadaitheach ar tháirgí bainne go háirithe agus ar tháirgí mairteola i measc na bpobal meánaicmeach méadaitheach i dtíortha amhail an tSín agus an India
- Mar thoradh ar phatrúin aimsire a bhíonn ag athrú, cosúil leis an méadú ar thriomach, bíonn deacrachtaí ag tíortha amhail an Astráil agus an Nua-Shéalainn bia a easpórtáil.

**50m**

| Ceist 4 | Marcanna |
|---|---|
| **Léiríonn an Clár Comhardaithe a leanas feirm churadóireachta Eoin mar a bhí ar 31 Nollaig 2014:**<br><br>Dliteanais fhadtéarmacha € 125,000 — Sócmhainní seasta € 500,000<br>Dliteanais reatha € 75,000<br>Glanfhiúchas € 400,000 — Sócmhainní reathaa € 100,000<br>------------- -------------<br>*Iomlán na nDliteanas* *€ 600,000* — *Iomlán na Sócmhainní* *€ 600,000* | |
| **(a) (i) Tabhair breac-chuntas ar an rud a seasann figiúr an ghlanfhiúchais, €400,000, dó i gcás fheirm Eoin.**<br><br>Is ionann glanfhiúchas agus luach chothromas an fheirmeora san fheirm nó luach úinéireacht an fheirmeora ar an bhfeirm. Tomhaistear é mar dhifríocht ó thaobh luacha de idir sócmhainní iomlána na feirme (na nithe atá faoi úinéireacht na feirme) agus dliteanais iomlána na feirme (na nithe atá dlite den fheirm). Is buntomhas ar luach na feirme é.<br><br>I gcás fheirm Eoin, is é €400,000 an difríocht idir a bhfuil faoi úinéireacht Eoin agus a bhfuil dlite de. Is ionann é sin agus luach na feirme. | 10m<br>(5+5) |
| **(ii) Luaigh sampla amháin de shócmhainn reatha agus sampla amháin de dhliteanas fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás fheirm Eoin..**<br><br>Sampla de shócmhainn reatha<br>• Féichiúnaithe<br>• Airgead Tirim<br>• Trádáil beostoic<br>• Stoic chothaithe, leasacháin<br>• Stoic foráiste, bharr indíolta | 5 |
| Sampla de dhliteanas fadtéarmach<br>• Iasacht théarmach bhainc le haghaidh talún / foirgnimh / innealra / beostoc síolraíochta<br>• Iasachtaí eile nach bhfuil iníoctha laistigh de bhliain amháin | 5 |

**(iii) Is é 0.5:1 cóimheas na bhfiachas leis an nglanfhiúchas ar fheirm Eoin, i.e. $\frac{125{,}000+75{,}000}{400{,}000}$.**
**An bhfuil staid airgeadais fhadtéarmach na feirme go maith? Mínigh do fhreagra.**

Freagra: Tá (staid airgeadais fhadtéarmach na feirme go maith)

5

Míniú:

Baintear úsáid as cóimheas na bhfiachas leis an nglanfhiúchas chun staid airgeadais fhadtéarmach nó sócmhainneacht fhadtéarmach na feirme a mheas. Tomhaistear é de réir chóimheas na bhfiachas ar fad (€200,000) leis an nglanfhiúchas. Tomhaiseann an cóimheas an méid a fuair an fheirm iasachtaí ó dhaoine eile. Moltar an cóimheas sócmhainneachta a bheith faoi bhun 1.0. I gcás Eoin, tá an fheirm sócmhainneach sa mhéid go mbeadh go leor airgid ag Eoin fiachais uile na feirme a ghlanadh dá ndíolfadh sé an fheirm agus a sócmhainní. Tá luach na suime atá dlite do chreidiúnaithe na feirme cothrom le leath luach na suime atá dlite d'Eoin mar úinéir ar an bhfeirm.

10
(5 + 5)

**(b) (i) Luaigh cineál amháin árachais a d'fhéadfadh Eoin a thógáil i gcomhthéacs a ghnó feirme.**
**(ii) Tabhair breac-chuntas ar chuspóir an árachais seo.**

| | |
|---|---|
| Réadmhaoin | Cumhdach in aghaidh damáiste de bharr tubaistí nádúrtha (tintreach, tuile) agus in aghaidh damáiste a dhéanann an duine (dóiteán, goid); cumhdach in aghaidh goid beostoic. |
| Mótarfheithiclí | Cumhdach a cheanglaítear leis an dlí in aghaidh gada, dóiteáin agus damáiste eile d'fheithiclí, do jípeanna agus do tharracóirí. |
| Dliteanas poiblí | Cumhdach in aghaidh damáiste a dhéanann an feirmeoir nó a réadmhaoin don phobal (timpiste bhóthair de bharr eallaigh, damáiste do chuairteoirí ar an bhfeirm de bharr faillí ar thaobh an fheirmeora). |
| Dliteanas fostóra | Cumhdach in aghaidh damáiste d'fhostóirí de bharr faillí ar thaobh an fheirmeora (dálaí oibre neamhshábháilte, innealra lochtach). |

Árachas
5m

Cuspóir
10m
(5 + 5)

**50 m**

| **Ceist 5** | **Marcanna** |
|---|---|

**Baineann na cuntais feirme seo a leanas le feirm dhéiríochta Mháire:**

| | | |
|---|---|---|
| Díolacháin lúide ceannacháin: | Bainne | €120,000 |
| | Beostoc | €30,000 |
| | Barra | €3,500 |
| Costais Athraitheacha | | €30,000 |
| Tomhaltas a dtáirgeachta féin ag an teaghlach | | €4,000 |
| Athrú ar fhardail | | + €5,000 |
| Costais sheasta: | Dímheas ar innealra agus ar fhoirgnimh | €4,500 |
| | Speansais oibrithe a hinnealra féin | €2,000 |
| | Ús ar iasacht feirme | €2,500 |
| | Eile | €12,500 |

**(a) Ríomh iad seo a leanas agus tú ag taispeáint do chuid oibre go léir i ngach cás:**

**(i) Aschur na feirme (ii) Ollchorrlach na feirme (iii) Ioncam fheirm an teaghlaigh.**

(i) Ríomh ar aschur na feirme

| | | | |
|---|---|---|---|
| Díolacháin lúide ceannacháin: | Bainne | €120,000 | |
| | Beostoc | € 30,000 | |
| | Barra | € 3,500 | |
| | Iomlán | €153,500 | |
| Móide | Tomhaltas a dtáirgeachta féin ag an teaghlach | € 4,000 | |
| | Athrú ar fhardail | € 5,000 | |
| = **Aschur na feirme** | | **€162,500** | 10m |

(ii) Ríomh ar ollchorrlach na feirme

| | | |
|---|---|---|
| Aschur na feirme | €162,500 | |
| Lúide Costais athraitheacha | € 30,000 | |
| = **Ollchorrlach na feirme** | **€132,500** | 6m |


(iii) Ríomh ar ioncam fheirm an teaghlaigh

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ollchorrlach na feirme | | €132,500 | |
| Lúide Dímheas | € 4,500 | | |
| Speansais innealra | € 2,000 | | |
| Ús | € 2,500 | | |
| Costais sheasta eile | €12,500 | | |
| Costais sheasta iomlána | | € 21,500 | |
| = **Ioncam fheirm an teaghlaigh** | | **€111,000** | 10m |

| | |
|---|---|
| **(b)** **Luaigh dhá chostas athraitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás feirm dhéiríochta thipiciúil mar fheirm Mháire.**<br><br>• Cothú nó fodar (comhdhlúite) a cheannaítear<br>• Leasacháin agus aol a cheannaítear<br>• Saothar ócáideach a fhostaítear<br>• Speansais tréidliachta<br>• Fruiliú innealra<br>• Fuinneamh a cheannaítear (ola, díosal) | 12m<br>(2 x 6m) |
| (**c**) **Mínigh an téarma dímheas mar atá sé i gcuntais Mháire**.<br><br>Tagraíonn dímheas don chaillteanas i luach tuairiscithe na sócmhainní seasta le linn na tréimhse cuntasaíochta (bliain amháin de ghnáth). Baineann sé leis an gcuid sin de chostas bunaidh na sócmhainne ceannaithe a ídíodh i gcaitheamh na bliana. Go bunúsach, féachtar ar dhímheas mar chostas mar gurb ionann an muirear agus an costas a bhaineann leis na sócmhainní a athsholáthar de bharr na gníomhaíochta feirmeoireachta sa bhliain.<br><br>Is é €4,500 luach an dímheasa ar fheirm Mháire. Ciallaíonn sé sin gur thit luach an innealra agus na bhfoirgneamh faoin tsuim sin. Is cosúil go bhfuil an figiúr sin íseal i gcoibhneas mhéid aschuir na feirme agus tugann sé le fios go bhfuil an t-innealra agus na foirgnimh reatha ag éirí caite agus go bhféadfadh gur ghá iad a athsholáthar go luath. | 12m<br>(6 + 6) |
| | **50m** |

## Ceist 6 — Marcanna

**(a)** Taispeánann an graf thíos an meánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh (FFI) agus na híocaíochtaí díreacha (DP) a fuarthas ar fheirmeacha in Éirinn sna blianta ó 2008 go 2013.




**(i)** **Mínigh, agus tú ag tagairt don ghraf thuas, an coincheap luaineacht (i.e. athraitheacht) na n ioncam ó fheirmeacha.**

Tagraíonn luaineacht don éagsúlacht choitianta a bhíonn ann maidir le hioncam feirme, agus í ag teacht chun cinn le himeacht ama sa chás seo. Is iad an aimsir ghuagach agus méaduithe agus laghduithe i margaí talmhaíochta na príomhchúiseanna gur féidir le hioncam feirme athrú go mór ó bhliain go bliain (fiú amháin i gcásanna ina dtugtar an figiúr mar mheán náisiúnta). I gcás margaí talmhaíochta, is féidir leis an soláthar luainiú idir na séasúir de bharr dálaí aimsire. Cruthaíonn sé sin luaineacht i bpraghsanna.

6m

Léirítear sa ghraf go raibh móréagsúlacht ann thar na blianta ábhartha. Bhí an meánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh (FFI) sa raon ó €12,000 in 2009, an figiúr ab ísle, agus €30,000 in 2011, an figiúr ab airde. B'ionann é sin agus difríocht shuntasach €18,000.

5m + 5m

I dtrí cinn de na blianta (2011, 2012 agus 2013), bhí an meánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh cothrom le €25,000 nó ní ba mhó ach bhí sé faoi bhun €18,000 i dtrí cinn de na blianta freisin, ba iad sin, 2008, 2009 agus 2010.

**(ii)** **Luaigh dhá íocaíocht dhíreacha a fhaigheann feirmeoirí in Éirinn**.

- An Scéim Íocaíochta Aonair / An Scéim Buníocaíochta
- Íocaíochtaí SCTT/SRCT
- Íocaíochtaí do limistéir faoi mhíbhuntáiste
- An Scéim GLAS / An Scéim Glasíocaíochta
- An Íocaíocht d'Fheirmeoirí Óga

2 x 5m

| | |
|---|---|
| **(iii) "Tá íocaíochtaí díreacha tábhachtach d'fheirmeoirí in Éirinn."**<br>**Mínigh an abairt sin agus tú ag tagairt don ghraf thuas.**<br><br>Bunaithe ar an ngraf, is féidir a fheiceáil go mbíonn íocaíochtaí díreacha freagrach as bunús an mheánioncaim ó fheirmeacha teaghlaigh in Éirinn. Sna blianta 2008 agus 2009, ba mhó na híocaíochtaí díreacha a fuair feirmeoirí in Éirinn ná an meánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh. Ciallaíonn sé sin go ndearna an meánfheirmeoir caillteanas ar ghníomhaíocht feirmeoireachta mhargadhbhunaithe. Fiú amháin i gceann de na blianta is brabúsaí riamh san fheirmeoireacht in Éirinn, bhí íocaíochtaí díreacha freagrach as ní ba mhó ná leath an mheánioncaim ó fheirmeacha teaghlaigh in Éirinn sa bhliain 2011. Gan íocaíochtaí díreacha, ní bheadh formhór mór na bhfeirmeacha in Éirinn in ann ioncam sásúil a shaothrú ón bhfeirmeoireacht. | 12m<br>(6 + 6) |
| **(b) Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil claonadh níos láidre i Rialtas na hÉireann agus/nó san AE idirghabháil sna margaí talmhaíochta ná sna margaí neamh-thalmhaíochta.**<br>• Praghsanna a chobhsú (agus ioncam feirme á chobhsú ag an am céanna). Chuirfeadh an luaineacht dhílis i bpraghsanna talmhaíochta bac ar phatrún cobhsaí táirgeachta bia a bhaint amach<br>• Ioncam leordhóthanach a chinntiú d'fheirmeoirí trí chosaint trádála agus/nó trí liúntais tacaíochta ioncaim. Mura mbeadh tacaíocht ar fáil don fheirmeoireacht, d'imeodh tuilleadh feirmeoirí ón bhfeirmeoireacht agus bheadh fadhbanna geilleagracha agus sóisialta ann i réigiúin áirithe dá bharr sin.<br>• Tá an-fhonn ar an AE go háirithe samhail na feirme teaghlaigh a chaomhnú in ionad na feirmeoireachta monarchan ar an mórchóir. Tá an fheirmeoireacht tábhachtach mar mhodh beatha san AE, faoi mar atá na tairbhí timpeallachta a ghabhann leis an bhfeirmeoireacht nach bhfuil chomh dian sin.<br>• D'fhéadfadh go gcaillfí modhanna táirgeachta réigiúnacha agus náisiúnta agus táirgí bia réigiúnacha agus náisiúnta i margadh saor go hiomlán, e.g. cáiseanna agus táirgí mairteola<br>• Imní faoi shábháilteacht bia. Teastaíonn dearbhú ó thomhaltóirí go mbíonn a gcuid bia slán le hithe. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh go mbeadh srianta ann ar tháirgí iompórtáilte agus ar thacaí, mar aon le hoibleagáidí diana ar fheirmeoirí táirgeacht bia shábháilte a chinntiú. | 12m<br>(6 + 6) |
| | **50m** |

Leathanach Bán